

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	<b>*Leagan Béarla ar lch. 3</b>
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	English summary on pg 3.
27.02.2024	<b>097-29023</b>	

## **Turas Gaelach den scoth ag páistí Iorrais chuig clár teilifíse ‘Anfa’**

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais moladh mór a thabhairt do chuile pháiste ón nGaeltacht seo a ghlac páirt sa chlár teilifíse ‘Anfa’ ar an 24 Feabhra 2024 i nGaillimh. Bhí an taifead seo faoi stiúir chomhlacht léiriúcháin teilifíse Fíbin Media agus an turas á chomhordú ag foireann Ghaeilge Iorrais le tacaíocht na dtuismitheoirí. Ghlac 18 buachaillí agus 26 cailíní (is é sin 44 páiste ón 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras) páirt sa lá fíorspeisialta seo. Tá baint ag a bhformhór le Club UISCE a bhíonn á reáchtáil ag Gaeilge Iorrais i gcomhar le Coláiste UISCE.

D’fhág bus mór lán le páistí sceitimíneacha carrchlós Áras Inis Gluaire ag 10.45 maidin Dé Sathairn. Thaistil cúigear thuismitheoirí ar an mbus chun tacú linn. Bhuail roinnt páistí agus tuismitheoirí eile linn i nGaillimh. Thosaigh an taifead i nDubhlann na Gaillimhe ag 2 agus chaith muid an tráthnóna ar fad i mbun taifeadta sa stiúideo teilifíse. Bhí béile blasta ag na páistí i Supermacs Bhaile an Róba ar an mbealach abhaile, a bhuíochas le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais. Níor shroich muid Béal an Mhuirthead go dtí 9.30 an oíche sin. Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí go léir, mar aon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí, as a gcuid tacaíochta agus spreagtha. Nár laga Dia iad.

Is seó cluichí lán d’fhuinneamh agus d’aicsean é ‘Anfa’ atá bunaithe ar an aimsir. Bíonn foireann de cheathrar – darb ainm na hanfadóirí – ag obair le chéile chun na rógairí ‘Tintreach agus Toirneach’ a chloí. Bíonn ar na hanfadóirí 3 chluiche a imirt agus má éiríonn leofa cluiche a bhuachan, buafaidh siad siombail aimsire le cur ar ais ar an scamall draíochta. Bíonn siad sa tóir ar liathróidí ama luachmhara freisin, a d’fhéadfadh breis ama a thabhairt dóibh le tabhairt faoin mbac-chúrsa mór ar deireadh.

Comhghairdeas le foireann na n-anfadóirí ón nGaeltacht seo; Alyssa Ní Fhearghail (SN na hEachléime), Mícheál O Conaire (SN Chorrchloch), Kayleigh Nic Aindriú (SN Cheathrú

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Thaidhg) agus Denny Ó Murchú (SN Dhumha Thuama). Bualadh bos mór don 40 páiste eile, a gcairde scoile ó chlub UISCE, a bhí mar lucht tacaíochta den chéad scoth acu sa lucht féachana. Bhí ról faoi leith ag an slua seo ag tabhairt tacaíochta, ag scairt amach le linn an chláir, ag freagairt le chéile os ard do ghníomhaíochtaí na himeartha agus ag cur go mór leis an atmaisféar dearfach spreagúil Gaelach mar chuid den lá agus den taifead.

Tugann ócáidí cosúil leis an turas Gaelach seo chun clár teilifíse a thaifead deiseanna do na páistí cur lena gcuid foghlama agus forbartha i réimse na meán cumarsáide agus na teilifíse Gaeilge chomh maith le súil eile a fháil ar léiriúchán teilifíse agus an obair a bhíonn ar siúl ar chúl an stáitse (na ceamraí, cúrsaí fuaime, teicneoireacht agus mar sin de). Deis iontach a bhí ann, leis sin, saibhreas teanga aos óg na Gaeltachta seo a léiriú chomh maith le tógáil ar a gcuid féin-mhuiníne agus a scileanna cur i láthair.

Lena chois sin, ó thaobh na pleanála teanga de, cuireann laethanta mar seo go mór leis an gcairdeas agus an comhghuaillíocht i measc ógphobal na Gaeltachta seo. Treisíonn laethanta mar seo leis an nós atá ag na cainteoirí óga seo an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin lasmuigh den scoil. Feiceann muid na daoine óga seo as scoileanna Gaeltachta éagsúla ag dul i bhfeidhm ar a chéile go dearfach maidir le labhairt na Gaeilge agus a bpobal Gaelach agus Gaeltachta féin á chruthú acu i gcaitheamh an ama. Ardú croí ar fad a bhí ann a bheith ag éisteacht leofa go léir agus iad ag sóisialú, ag spraoi agus ag baint taitneamh as comhlúadar a chéile i nGaeilge. Lá mór a bhí ann i saol na ndaoine óga seo.

D'éirigh thar cionn le páistí na Gaeltachta seo agus beidh toradh an chluiche le feiceáil sa chlár nuair a chraolfar é i mí Aibreáin nó i mí Bealtaine na bliana seo. Tá súil ag Gaeilge Iorrais ócáid faoi leith a eagrú don chéad léiriú seo nuair a bheidh an dáta craolta deimhnithe. Ba mhaith linn ardmholadh agus buíochas speisialta a ghabháil leis na rannpháirtithe go léir, a gcuid múinteoirí agus tuismitheoirí a thug tacaíocht dúinn, go mór mór iad siúd a thaistil linn agus a chuidigh linn ar an lá. Ba mhaith linn buíochas faoi leith a ghabháil le Rhiannon Nic Gabhann (Fíbín) garíníon le Betty Deane, Gleann na Muaidhe, a thug cuireadh dúinn páirt a ghlacadh sa chlár agus a thug chuile thacaíocht dúinn leis. Gabhann muid buíochas le foireann Fíbín a chuir fearradh na fáilte romhainn agus a thug chuile chúnamh agus spreagadh dúinn ar an lá.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

## **Erris Gaeltacht children take part in 'Anfa' Irish language tv show**

Gaeilge Iorrais would like to give huge praise to all the children from this Gaeltacht area that took part in the 'Anfa' tv show on 24 February 2024 in Galway. This recording was overseen by Fíbín Media production company and the trip was coordinated by the Gaeilge Iorrais team with the support of parents. 18 boys and 26 girls or a total of 44 children from the 7 Gaeltacht primary schools in Erris took part in this very special day. Most of these children participate regularly in Club UISCE which is run by Gaeilge Iorrais in collaboration with Coláiste UISCE.

A coach load full of excited children left Áras Inis Gluaire car park at 10.45 on Saturday morning. Five parents also travelled on the bus to help with supervision. A few other local children and parents met us in Galway. The recording started at 2pm in the Black Box and we spent the whole afternoon in the tv studio. All the children enjoyed a meal in Supermacs on the way home with compliments from Gaeilge Iorrais. We didn't arrive back to Béal an Mhuirthead until 9.30 that night. We would like to sincerely thank all the children, together with their parents and teachers, for their support and participation in this special day.

Anfa is an action-oriented and high-energy game show for children based on the weather. One team of four players – known as the weather warriors – work together to get the better of the scoundrels 'Thunder and Lightning'. The weather warriors have to play 3 games and if they are successful, they win a weather symbol to be placed in the magical cloud. They will also be on the hunt for time-counters which could give them more time to take on the final obstacle course.

Congratulations to our local team of weather warriors from this Gaeltacht area that participated in the show; Alyssa Ní Fhearghaill (SN na hEachléime), Mícheál O Conaire (SN Chorrchloch), Kayleigh Nic Andriú (SN Cheathrú Thaidhg) and Denny Ó Murchú (SN Dhumha Thuama). Bualadh bos for the other 40 children, school friends and supporters from Club UISCE, who were their first-class supporters in the audience. This crowd played a special role in giving support, chanting as Gaeilge during the program, responding together to the game and contributing greatly to the positive and encouraging atmosphere as part of the day and the recording.

Events such as this Irish trip to record a television program in Gaeilge gives the children opportunities to further their learning in Irish language media and television as well as to gain another perspective on television production and the work that is being done backstage (e.g. cameras, sound, production techniques and so on). It was also a

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



wonderful opportunity to showcase the linguistic ability and positive outlook of Erris Gaeltacht children as well as to build on their self-confidence and presentation skills.

In addition, from a language planning point of view, days like this contribute greatly to friendships and alliances among our young community of Irish speakers. Days like this reinforce the habit these young speakers have of speaking Irish among themselves outside of school. We see these young people from different Gaeltacht schools influencing each other positively in terms of speaking Irish and creating their own Irish language based and Gaeltacht community over time. It was heart-warming to hear them all as they happily socialised, had fun and enjoyed each other's company in Irish.

Anfa tv show featuring Erris children will be broadcast in April or May this year. Gaeilge Iorrais hopes to organize a special event for the first screening once the broadcast date has been confirmed. Míle buíochas once again to all the children, their parents and teachers, especially to those that travelled with us on the day and helped out in so many ways. A special thanks to Rhiannon Nic Gabhann (Fíbín), granddaughter of Betty Deane, Gleann na Muaidhe, who invited us to take part in the program and who all supported us every step of the way. Huge thanks to all the team at Fíbín who welcomed us and encouraged us throughout the day.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.